

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14844/26

DELECT 164
PECHE 439

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7330 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 23.10.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7330 final.

Faoi iamh: C(2026) 7330 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.10.2026
C(2026) 7330 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 23.10.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don ghníomh tarmligthe seo Rialachán (AE) 2024/2594⁽¹⁾ a leasú chun na bearta seo a leanas a ghlac an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) ag an 44ú cruinniú bliantúil a bhí aige i mí na Samhna 2025 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais:

- *Moladh 07:2026 chun Airteagal 5 de Scéim NEAFC a leasú chun trealamh iascaireachta shoithí iascaireachta NEAFC a fhoilsiú⁽²⁾. Leis an Moladh seo, tugtar isteach athruithe ar an bhfaisnéis shainordaitheach atá le cuimsiú i bhfógraí NEAFC faoi shoithí iascaireachta;*
- *Moladh 12:2026 chun Airteagail 23 agus 27 agus Iarscríbhinní XV A agus B, de Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC (GIES) a leasú⁽³⁾. Leis an Moladh seo, tugtar isteach athruithe ar na teimpléid le haghaidh tuarascálacha cigireachta calafoirt NEAFC.*

De bhun Airteagal 54(1)(b), (n) agus (z) de Rialachán (AE) 2024/2594, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán céanna, chun na bearta sin a chur chun feidhme. Tá na leasuithe teoranta go docht do chur chun feidhme beart lena leasaítear nó lena bhforlíontar Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC agus Moltaí eile NEAFC.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit roimh an 44ú cruinniú bliantúil a bhí ag NEAFC i mí na Samhna 2025.

Chuir an Coimisiún an Rialachán seo faoi bhráid na gcomhreachtóirí agus chuaigh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽⁴⁾ agus in Airteagal 55(4) de Rialachán (AE) 2024/2594.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagail 54 agus 55 de Rialachán (AE) 2024/2594, leasaítear leis an ngníomh tarmligthe seo an Rialachán sin chun Moltaí NEAFC atá i bhfeidhm agus atá ceangailteach ar an Aontas a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

¹ Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L, 2024/2594, 8.10.2024, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/2594/oj>).

² Moladh 07:2026 chun Airteagal 5 de Scéim NEAFC a leasú chun trealamh iascaireachta shoithí iascaireachta NEAFC a fhoilsiú, https://www.neafc.org/system/files/Rec_07-2026_Art5_Adding-fishing-gear-code-to-the-notification-of-vessels.pdf.

³ Moladh 12:2026 chun Airteagail 23 agus 27 agus Iarscríbhinní XV A agus B, de Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC (GIES) a leasú https://www.neafc.org/system/files/Rec_12-2026_NEAFC-GIES.pdf.

⁴ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2016/512/oj).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 23.10.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh¹ agus go háirithe Airteagal 54(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('NEAFC'), arna fhorghabháil le Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle².
- (2) Le Rialachán (AE) 2024/2594, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe NEAFC arna nglacadh go dtí 2023.
- (3) Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí ag NEAFC i mí na Samhna 2025, ghlac sé Moltaí maidir leis an bhfaisnéis éigeantach atá le cuimsiúsan fhógra faoi shoithí iascaireachta, agus maidir leis na teimpléid nuashonraithe le haghaidh foirmeacha um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt. Tá na Moltaí sin ina gceangal ar an Aontas agus ba cheart iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha maidir leis na Moltaí sin a chumhdaítear leis an gcumhachtú don Choimisiún dá bhforáiltear le hAirteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2024/2594 a chur chun feidhme i ndlí an Aontais agus tríd an Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/2594 mar a leanas:

¹ Rialachán (AE) 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) 1899/85 agus (CEE) 1638/87 ón gComhairle (IO L, 2024/2594, 8.10.2024, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/2594/oj>).

² Cinneadh ón gComhairle an 13 Iúil 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a thabhairt i gcrích (81/608/CEE) (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1981/608/oj>).

- (1) Leasaítear Airteagal 8(6) mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):
‘(i) cumhacht innill an tsoithigh;
 - (b) cuirtear pointe (ia) seo a leanas isteach:
(ia) príomhthrealamh an tsoithigh (i gcás inarb ábhartha); agus’
;
- (2) déantar Iarscríbhinní V agus XXI a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.10.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN